Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5005/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0378(COD)**

**CODEC 2**
**AGRILEG 2**
**FORETS 1**
**SEMENCES 2**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 852 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2008/971/CE ón gComhairle maidir le coibhéis ábhair atáirgthe foraoise a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe leis an ábhar céanna a tháirgtear san Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 852 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 852 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 23.12.2020
COM(2020) 852 final

2020/0378 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh 2008/971/CE ón gComhairle maidir le coibhéis ábhair atáirgthe foraoise a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe leis an ábhar céanna a tháirgtear san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Cinneadh 2008/971/CE ón gComhairle bunaítear rialacha le haghaidh coibhéis ábhair atáirgthe foraoise a tháirgtear i dtríú tíortha.

Tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas an 1 Feabhra 2020, agus i bhfianaise dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Comhaontú um Tharraingt Siar) an 31 Nollaig 2020, chuir an Ríocht Aontaithe iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun aitheantas a thabhairt do choibhéis, maidir le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear sa tír sin i gcomhréir le ceanglais Threoir 1999/105/CE ón gComhairle.

Ó glacadh Treoir 1999/105/CE rinne an Ríocht Aontaithe í a thrasuí agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

Chuir sé an Coimisiún ar an eolas nach n-athrófar a reachtaíocht féin, lena ndearnadh an Treoir sin a thrasuí, agus a mbeidh feidhm aici ón 1 Eanáir 2021. Rinne an Coimisiún scrúdú ar reachtaíocht na Ríochta Aontaithe agus chinn sé go bhfuil ábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe coibhéiseach le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear san Aontas agus a chomhlíonann Treoir 1999/105/CE, ós rud é go soláthraíonn an Coimisiún na ráthaíochtaí céanna agus a sholáthraíonn an Ríocht Aontaithe a mhéid a bhaineann lena bhunábhar agus leis na bearta a ghlactar a fhormheas chun é a tháirgeadh ar mhaithe lena mhargú.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Leis an Togra seo cuirtear na ceanglais atá ann cheana chun feidhme go teicniúil agus tá sé comhsheasmhach, dá bhrí sin, le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais nó i margú síolta.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra seo i gcomhréir le cuspóirí bheartas trádála agus talmhaíochta an Aontais, toisc go méadóidh sé an trádáil in ábhar atáirgthe foraoise a chomhlíonann rialacha an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 43(2) CFAE bunús dlí an ghnímh seo, airteagal lena dtugtar de chumhacht do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle forálacha a bhunú is gá chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta a shaothrú.

### • Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Is ar leibhéal an Aontais a rialaítear ábhar atáirgthe foraoise. Chun a ráthú gur féidir ábhar allmhairithe ón Ríocht Aontaithe a aistriú gan srian sa mhargadh aonair, is gá gníomh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Is é seo an t-aon fhoirm ghníomhaíochta amháin de chuid an Aontais trínar féidir an cuspóir saothraithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh an ionstraim iomchuí le haghaidh cur chun feidhme teicniúil na gceanglas atá ann cheana.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Níor ghá aon chomhairliúchán ar leithligh, toisc nach mbaineann an tionscnamh ach le cur chun feidhme teicniúil na rialacha atá ann cheana agus toisc nach ndearnadh aon chomhairliúchán ar leithligh faoi thionscnaimh chomhchosúla san am a chuaigh thart.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinne an Coimisiún anailís reachtach i gcomhar leis an Ríocht Aontaithe. Rinne an Ríocht Aontaithe Treoir 1999/105/CE agus na gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann léi a thrasuí agus a chur chun feidhme agus chomhlíon sí a gceanglais sular tharraing sí siar as an Aontas. Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas nach n-athrófar an reachtaíocht sin agus go mbeidh feidhm aici ón 1 Eanáir 2021.

- **Measúnú tionchair**

Is de chineál teicniúil amháin é an Cinneadh seo lena gcuirtear chun feidhme rialacha atá ann cheana, rud a fhágann, dá bhrí sin, nach mbeidh aon cheanglas ann measúnú tionchair a dhéanamh.

- **Oiriúnacht Rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo le REFIT. Coinneoidh an togra trádáil ábhar atáirgthe foraoise idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas. Rannchuideodh an choibhéis, dá bhrí sin, le soláthar leanúnach síolta ar ardchaighdeán a choinneáil san Aontas. Níl aon tionchar ag an togra ar chostais chomhlíontachta d’oibreoirí. Ní bhaineann an ‘Measúnú Digiteach’ le hábhar an togra seo.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Gan ann dóibh

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **•Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le Cinneadh 2008/971/CE ón gComhairle cinntear na coinníollacha faoina n-allmhaireofar isteach san Aontas ábhar atáirgthe foraoise na gcatagóirí 'sainaitheanta de réir foinse', 'roghnaithe' agus 'cáilithe' a tháirgtear i dtríú tíortha arna liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh. Tá feidhm aige, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin agus i dTreoracha 2000/29/CE agus 2001/18/CE ón gComhairle. Córais chun ábhar bunúsach agus táirgeadh ábhair atáirgthe ina dhiaidh sin ón ábhar bunúsach sin a fhormheas agus a chlárú, faoi rialú údaráis tríú tír a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin, nó faoi mhaoirseacht oifigiúil na n-údarás, a chuirtear i bhfeidhm sna tríú tíortha arna liostú san Iarscríbhinn sin, measfar go bhfuil siad coibhéiseach leis na córais a chuir na Ballstáit i bhfeidhm i gcomhréir le Treoir 1999/105/CE.

Leis an aon fhoráil shubstainteach atá sa togra, cuirtear an Ríocht Aontaithe le liosta na dtíortha dá dtugann an tAontas aitheantas i dtaca le coibhéis ábhair atáirgthe foraoise, agus go háirithe i dtaca le coibhéis na gcatagóirí 'sainaitheanta de réir foinse', 'roghnaithe' agus 'cáilithe', leis an ábhar céanna a tháirgtear san Aontas. Tá an méid sin bunaithe ar an reachtaíocht is infheidhme de chuid na Ríochta Aontaithe agus ar an gconclúid go bhfuil na ceanglais agus an córas atá curtha i bhfeidhm aici coibhéiseach le ceanglais agus le córas an Aontais, agus go háirithe Treoir 1999/105/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2008/971/CE ón gComhairle, agus go bhfuil na ráthaíochtaí céanna ag gabháil leo.

Tar éis an Ríocht Aontaithe a chur le liosta na dtíortha in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2008/97, ceadófar allmhairí ábhar atáirgthe foraoise ón Ríocht Aontaithe isteach san Aontas.

2020/0378 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh 2008/971/CE ón gComhairle maidir le coibhéis ábhair atáirgthe foraoise a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe leis an ábhar céanna a tháirgtear san Aontas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2008/971/CE[1] ón gComhairle bunaítear rialacha le haghaidh coibhéis ábhair atáirgthe foraoise a tháirgtear i dtríú tíortha.

(2) Tá feidhm ag Treoir 1999/105/CE[2] ón gComhairle maidir le margú ábhair atáirgthe foraoise laistigh den Aontas. Baineann sí le hábhar atáirgthe na speiceas crann agus na hibridí saorga de, a bhfuil tábhacht ag baint leo chun críche foraoiseachta ar fud an Aontais nó i gcuid de.

(3) Tá Treoir 1999/105/CE ón gComhairle, mar aon leis na gníomhartha cur chun feidhme a ghabhann léi, trasuite agus curtha chun feidhme go héifeachtach ag an Ríocht Aontaithe.

(4) Tá feidhm ag dlí an Aontais, lena n-áirítear Treoir 1999/105/CE agus Cinneadh 2008/971/CE, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i rith na hidirthréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (an Comhaontú um Tharraingt Siar), agus go háirithe le hAirteagal 126 agus le hAirteagal 127(1) de.

(5) I bhfianaise dheireadh na hidirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú Um Tharraingt Siar, chuir an Ríocht Aontaithe iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin aitheantas a thabhairt, ón 1 Eanáir 2021, go bhfuil an t-ábhar atáirgthe foraoise a

[1] Cinneadh 2008/971/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le coibhéis ábhair atáirgthe foraoise a tháirgtear i dtríú tíortha (IO L 345, 23.12.2008, lch. 83).

[2] Treoir 1999/105/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1999 maidir le hábhar atáirgthe foraoise a mhargú (IO L 11, 15.1.2000, lch. 17).

tháirgtear sa tír sin coibhéiseach leis an ábhar céanna a tháirgtear san Aontas i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais.

(6) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas nach n-athrófar a reachtaíocht, lena ndearnadh Treoir 1999/105/CE a thrasuí, agus go mbeidh feidhm léi fós ón 1 Eanáir 2021.

(7) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an reachtaíocht ábhartha de chuid na Ríochta Aontaithe. Chinn sé go bhfuil ábhar atáirgthe foraoise, agus go háirithe na catagóirí ‘sainaitheanta de réir foinse’, ‘roghnaithe’ agus ‘cáilithe’, a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe coibhéiseach le hábhar atáirgthe foraoise a tháirgtear san Aontas agus a chomhlíonann Treoir 1999/105/CE agus coinníollacha Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2008/971/CE, ós rud é go bhfuil na ráthaíochtaí céanna ag gabháil leis a mhéid a bhaineann lena bhunábhar a fhormheas agus leis na bearta a ghlactar chun é a tháirgeadh ar mhaithe lena mhargú.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí aitheantas a thabhairt do choibhéis an ábhair atáirgthe foraoise a tháirgtear sa Ríocht Aontaithe leis an ábhar céanna a tháirgtear san Aontas.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, an Ríocht Aontaithe a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2008/971/CE, gan dochar do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe ná dá chur i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann a ghabhann leis an gComhaontú Um Tharraingt Siar i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2008/971/CE a leasú dá réir.

(11) Ós rud é go dtiocfaidh deireadh leis an idirthréimhse dá bhforáiltear sa Chomhaontú Um Tharraingt Siar an 31 Nollaig 2020, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Chinneadh 2008/971/CE**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2008/971/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

*Airteagal 3*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |